



Uimhir 13 de 2013

AN tACHT UM CHRANNCHUR NÁISIÚNTA, 2013

[An tionsú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Aisghairm
4. Orduithe a leagan
5. Caiteachais

CUID 2

AN CRANNCHUR NÁISIÚNTA

6. An Crannchur Náisiúnta

CUID 3

RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

7. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
8. Gníomhóidh an tAire mar Rialálaí nuair a bheidh post an Rialálaí folamh
9. Feidhmeanna an Rialálaí
10. Cumhacht an Rialálaí an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh nó a chur faoi deara é a dhéanamh nuair nach bhfuil ceadúnas i bhfeidhm
11. Téarma oifige an Rialálaí
12. An Rialálaí d'éirí as oifig agus a chur as oifig

13. Srianta a bhaineann leis an Rialálaí
14. Dícháiliú daoine chun bheith ina Rialálaí
15. Toirmeasc ar iar-Rialálaí glacadh le hoifig etc., go ceann 12 mhí
16. Toirmeasc ar an Rialálaí oifig nó fostaíocht eile a shealbhú
17. Foireann an Rialálaí
18. Duine den fhoireann a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Thithe an Oireachtais nó de Pharlaimint na hEorpa
19. An fhoireann do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe
20. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí
21. Leasanna a nochtadh
22. Cuntais agus tuarascáil bhliantúil an Rialálaí
23. An tAire d'airleacan cistí don Rialálaí
24. Tobhach bliantúil
25. Ordachán don Rialálaí maidir leis an gcéad cheadúnas eile

CUID 4

CEADÚNAS CHUN AN CRANNCHUR NÁISIÚNTA A DHÉANAMH

26. Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh
27. Ceadúnas a leasú
28. Ceadúnas a fhoilsiú

CUID 5

OIBRITHEOIR AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

29. An t-oibritheoir
30. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist a fhoirceannadh
31. Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais

CUID 6

FORFHEIDHMÍÚ

32. Imscrúdú ar ghnóthaí an oibritheora
33. Cumhachtaí an Rialálaí ordachán a eisiúint nó iarratas a dhéanamh ar urghaire
34. Fógra don oibritheoir i ndáil le smachtbhanna airgeadais

[2013.]

An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

[Uimh. 13.]

35. Smachtbhannaí airgeadais
36. Ceadúnas a chúlghairm
37. Toirmeasc ar aistriú nó coimhthiú ceadúnais
38. Grinnscrúdú neamhspleách ar an gCrannchur Náisiúnta arna dhéanamh ag an oibritheoir
39. Cumhachtaí speisialta an Rialálaí i ndáil leis an oibritheoir

CUID 7

OIBRIÚ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA AGUS ÚSÁID CISTÍ

40. Duaiseanna sa Chrannchur Náisiúnta
41. Cistí a eisíoc
42. Ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol
43. Toirmeasc ar thicéad crannchuir a bheith ar úinéireacht ag daoine áirithe
44. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
45. Scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir sa Chrannchur Náisiúnta
46. Forálacha a bhaineann leis na hainmneacha “Crannchur Náisiúnta” agus “Crannchur Náisiúnta na hÉireann”

CUID 8

AN TÓIBRITHEOIR DO THABHAIRT TUARASCÁLACHA AGUS FAISNÉISE

47. An t-oibritheoir do thabhairt tuarascáil bhliantúil agus faisnéise don Rialálaí
48. An t-oibritheoir do thabhairt faisnéise don Rialálaí
49. Faisnéis a chomhroinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí

CUID 9

CRANNCHUIR — NA hACHTANNA UM CHEARRBHACHAS AGUS CRANNCHUIR, 1956 GO 2013

50. An Crannchur Náisiúnta a bheith díolmhaithe ó na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2013
51. Leasú ar alt 27 agus ar alt 28 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956, etc.

[Uimh. 13.]

An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

[2013.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Ealaíon, 2003 (Uimh. 24)
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 (Uimh. 19)
Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)
Achtanna na gCuideachtaí
Acht na gCúirteanna, 1981 (Uimh. 11)
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 (Uimh. 2)
Na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2003
Na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2012
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005
An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 (Uimh. 28)
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20)
An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 (Uimh. 30)
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003 (Uimh. 29)
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)
An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37)
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2012
Acht na dTrádmharcanna, 1996 (Uimh. 6)
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007



Uimhir 13 de 2013

AN tACHT UM CHRANNCHUR NÁISIÚNTA, 2013

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú chun crannchur náisiúnta a dhéanamh thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, do bhunú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus do mhíniú fheidhmeanna an Rialálaí, d'aisghairm an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986, do leasú ailt 27 agus 28 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

[14 Bealtaine 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2013 a ghairm de na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2003 agus de *Chuid 9* le chéile.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (4) Maidir le haisghairm an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986 faoi *alt 3*, féadfar, le hordú faoi *fho-alt (3)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun forálacha éagsúla den Acht sin a aisghairm nó chun na forálacha sin a aisghairm chun críoch éagsúil.

Léiriú

2. San Acht seo—

foláionn “sárú” i ndáil leis an Acht seo nó i ndáil le téarma nó coinníoll de chuid ceadúnais mainneachtain an tAcht seo nó téarma nó coinníoll de chuid ceadúnais a chomhlíonadh;

cuimsíonn “córas lárnach cearrbhachais” na lárchórais ríomhaire dhaingne crua-earraí agus bogearraí lena ndéantar na hiontrálacha go léir ar chluichí an Chrannchuir Náisiúnta a bhailíochtú agus a thaifeadh agus lena n-aithnítear teaglaim buaiteacha;

ciallaíonn “cuideachta” cuideachta arna foirmiú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn “Ciste” Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a leantar de le *halt 44*;

folaíonn “déanamh”, i ndáil le crannchur náisiúnta, é a bhunú, a chur chun cinn, a eagrú agus a sheoladh;

ciallaíonn “bealaí idirghníomhacha” cumarsáid thar an idirlíon trí úsáid a bhaint as aon fheiste ónar féidir rochtain a fháil ar an idirlíon;

ciallaíonn “ceadúnas” ceadúnas arna dheonú faoi *alt 26* chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh;

ciallaíonn “sealbhóir ceadúnais” sealbhóir ar cheadúnas atá i bhfeidhm de thuras na huair, agus folaíonn sé an t-oibrítheoir i gcás gur fochuideachta de chuid an tsealbhóra ceadúnais an t-oibrítheoir;

ciallaíonn “cluiche crannchuir” aon chluiche, comórtas nó nós imeachta eile, lena n-áirítear iad sin a imrítear trí bhealaí idirghníomhacha ar an idirlíon, ina ndéantar, nó trína ndéantar, duaiseanna (cibé acu is duaiseanna airgid nó duaiseanna eile) a dháileadh trí chrannadh nó trí sheans ar dhaoine a bheidh páirteach sa chluiche, sa chomórtas nó sa nós imeachta eile;

ciallaíonn “bainisteoir” duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 39(1)* i ndáil leis an oibrítheoir;

ciallaíonn “Aire” an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn “Crannchur Náisiúnta” aon chluiche crannchuir nó teaghlaim de chluichí crannchuir arna dhéanamh nó arna déanamh ag an Rialálaí nó arna dhéanamh nó arna déanamh faoi cheadúnas de réir na rialacha i scéim faoi *alt 45* i ndáil leis an gcluiche sin nó le gach ceann de na cluichí sin;

ciallaíonn “ticéad Crannchuir Náisiúnta” ticéad a thugann teideal dá úinéir bheith páirteach sa Chrannchur Náisiúnta, lena n-áirítear ticéad a dhíoltar trí bhealaí idirghníomhacha ar an idirlíon;

tá le “oibrítheoir” an bhrí a shanntar dó le *halt 29*;

ciallaíonn “Rialálaí” Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, nó sna himthosca dá dtagraítear in *alt 8*, an tAire;

ciallaíonn “fochuideachta” i ndáil le cuideachta, fochuideachta don chuideachta (de réir bhrí *alt 155* d’Acht na gCuideachtaí, 1963);

ciallaíonn “ticéad buaiteach” ticéad a bhfuil a úinéir i dteideal duais a fháil sa Chrannchur Náisiúnta.

Aisghairm

3. Aisghairtear an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Orduithe a leagan

4. Gach ordú a dhéanfar faoin Acht seo (seachas ordú faoi *alt 1*), leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Caiteachais

5. Déanfar caiteachais an Aire ag forghníomhú an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

AN CRANNCHUR NÁISIÚNTA

An Crannchur Náisiúnta

6. (1) Déanfar Crannchur Náisiúnta thar ceann an Aire de réir fhorálacha an Achta seo.
- (2) D'ainneoin aisghairm an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986 le *halt 3*, leanfaidh an tAcht sin d'fheidhm a bheith aige maidir leis an gceadúnas atá deonaithe faoin Acht sin do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist go dtí go bhfoirceannfar an chuideachta sin.

CUID 3

RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

7. (1) Beidh arna bunú oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus tabharfar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hoifige agus gairtear an Rialálaí de nó di ina dhiaidh seo san Acht seo agus tá a fheidhmeanna nó a feidhmeanna leagtha amach san Acht seo.
- (2) Ceapfaidh an tAire an Rialálaí ar cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear luach saothair, a chinnfidh an tAire.
- (3) Beidh an Rialálaí, faoi réir an Achta seo, neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

Gníomhóidh an tAire mar Rialálaí nuair a bheidh post an Rialálaí folamh

8. Comhlíonfaidh an tAire feidhmeanna an Rialálaí—
- (a) go dtí go gceapfar duine faoi *alt 7* chun oifig an Rialálaí a shealbhú, nó
- (b) i gcás go scoirfidh an duine atá i seilbh na hoifige sin de bheith i seilbh na hoifige, go dtí go gceapfar duine faoi *alt 7* mar chomharba air nó uirthi chun an oifig a shealbhú.

Feidhmeanna an Rialálaí

9. (1) Is é príomhfheidhm an Rialálaí a chur faoi deara, maidir leis an gCrannchur Náisiúnta—
- (a) go ndéanfaidh duine faoi cheadúnas é, nó
 - (b) i gcás nach bhfuil ceadúnas ar bith i bhfeidhm, go ndéanfar faoi *alt 10* é.
- (2) Feidhmeoidh an Rialálaí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo ar cibé slí is mó is dóigh leis nó léi a chinnteoidh—
- (a) go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta leis an gcuibheas uile is cuí,
 - (b) go ndéanfar leasanna rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta a chosaint, agus
 - (c) go ndéanfar inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint.
- (3) Faoi réir *fho-alt (2)*, le linn don Rialálaí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú, féachfaidh sé nó sí lena chinntiú go mbeidh na hioncaim arna leithroinnt chun na gcíoch dá bhforáiltear in *alt 41* chomh mór agus is féidir faoi réir aon téarmaí ina leith seo atá sa cheadúnas.
- (4) Déanfaidh an Rialálaí faireachán ar chomhlíonadh an Achta seo, agus ar chomhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an cheadúnais a bheidh deonaithe don oibritheoir, ag an oibritheoir, agus comhlíonadh an chéanna a fhorfheidhmiú.
- (5) Féadfaidh an Rialálaí cearta forfheidhmiúcháin aon trádmarc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú faoi Acht na dTrádmarcanna, 1996 nó féadfaidh sé nó sí na cearta sin a fheidhmiú i gcomhpháirt leis an sealbhóir ceadúnais.

Cumhacht an Rialálaí an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh nó a chur faoi deara é a dhéanamh nuair nach bhfuil ceadúnas i bhfeidhm

10. (1) Féadfaidh an Rialálaí an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh nó a chur faoi deara é a dhéanamh thar ceann an Aire de réir an Achta seo, ach ní dhéanfaidh an Rialálaí cluiche crannchuir ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara cluiche crannchuir a dhéanamh tráth a bheidh ceadúnas i bhfeidhm.
- (2) Beidh ag an Rialálaí na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun go ndéanfaidh sé nó sí an Crannchur Náisiúnta, nó chun go gcuirfidh sé nó sí faoi deara é a dhéanamh, agus beidh feidhm ag an Acht seo, agus éifeacht leis, maidir leis an gCrannchur Náisiúnta má dhéanann an Rialálaí é agus nuair a dhéanfaidh sé nó sí é, fara aon mhodhnuithe nó oiriúnuithe is gá, i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta má dhéantar amhlaidh é agus nuair a dhéanfar amhlaidh é agus i ndáil leis an Rialálaí, mar atá feidhm acu agus éifeacht leo i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta a bheidh arna dhéanamh ag an oibritheoir agus i ndáil leis an oibritheoir.

Téarma oifige an Rialálaí

11. Is é a bheith i dtéarma oifige duine a cheapfar mar Rialálaí cibé téarma nach faide ná 7 mbliana a chinnfidh an tAire agus beidh an duine in-athcheaptha chun na hoifige go ceann téarma breise amháin.

An Rialálaí d'éirí as oifig agus a chur as oifig

12. (1) Féadfaidh an Rialálaí, aon tráth, éirí as a oifig nó a hoifig trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici éirí as agus beidh éifeacht le haon éirí as den sórt sin amháin ar an dáta a gheobhaidh an tAire fógra faoin éirí as.

(2) Féadfaidh an tAire Rialálaí a chur as oifig—

(a) más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an Rialálaí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó

(b) mar gheall ar mhí-iompar sonraithe.

(3) Déanfaidh an tAire, le linn an Rialálaí a chur as oifig, ráiteas a thabhairt don Rialálaí i dtaobh na cúise nó na gcúiseanna a bhí leis an gcur as oifig agus déanfar an ráiteas i dtaobh na gcúiseanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Srianta a bhaineann leis an Rialálaí

13. Scoirfidh an Rialálaí de bheith ina Rialálaí más rud é—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go n-ainmneofar é nó í mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh mar chomhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann, nó lena thoghadh nó lena toghadh chun Parlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh.

Dícháiliú daoine chun bheith ina Rialálaí

14. (1) Aon duine atá i dteideal, de thuras na huair, faoi bhuan-orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí i gceachtar Teach acu sin, nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina Rialálaí fad a bheith sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin.

(2) Aon duine—

(a) atá ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001), beidh sí nó sí dícháilithe chun bheith ina Rialálaí, nó

(b) arb é nó í an Rialálaí, scoirfidh sé nó sí de bheith ina Rialálaí nuair a thiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil den sórt sin.

Toirmeasc ar iar-Rialálaí glacadh le hoifig etc., go ceann 12 mhí

- 15.** (1) Go ceann tréimhse 12 mhí tar éis do dhuine scor de bheith ina Rialálaí, ní dhéanfaidh duine den sórt sin aon oifig, sainchomhairleacht ná fostaíocht a ghlacadh, más rud é, i gcúrsa na hoifige, na sainchomhairleachta nó na fostaíochta sin, go bhféadfadh an duine nó go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé nó sí aon fhaisnéis faoi rún a bheadh faighte aige nó aige i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar Rialálaí faoin Acht seo a úsáid nó a nochtadh.
- (2) Ní bheidh feidhm ag an tréimhse ama dá bhforáiltear i *bhfo-alt (1)* chun cosc a chur ar dhuine a shealbhaigh oifig an Rialálaí—
- (a) oifig a shealbhú nó gabháil d'aon fhostaíocht sa Státseirbhís nó in aon chomhlacht rialaitheach reachtúil, ná
- (b) gníomhú mar shainchomhairleoir d'aon Aire den Rialtas.

Toirmeasc ar an Rialálaí oifig nó fostaíocht eile a shealbhú

- 16.** Ní shealbhóidh an Rialálaí aon oifig ná fostaíocht eile a mbeidh díolaíochtaí iníochta ina leith le linn a théarma oifige nó a téarma oifige.

Foireann an Rialálaí

- 17.** (1) Féadfaidh an Rialálaí—
- (a) le toiliú an Aire, líon, grádú, luach saothair agus coinníollacha seirbhíse eile na foirne (lena n-áirítear daoine a bheidh aistrithe nó ar iasacht ó chomhlacht seirbhíse poiblí agus daoine a bheidh fostaithe ar chonradh seirbhíse) a bheidh le ceapadh chun Oifig an Rialálaí a chinneadh, agus
- (b) cibé daoine a cheapadh, tar éis comórtas oscailte nó aistriú ó réimsí eile den tSeirbhís Phoiblí, chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Rialálaí (lena n-áirítear i gcáil pháirtaimseartha nó ar feadh tréimhse shonraithe nó chun críche sonraithe) a chinnfidh an Rialálaí ó am go ham.
- (2) I gcás go mbeidh seirbhís roimhe sin sa státseirbhís ag comhalta d'fhoireann an Rialálaí, beidh an tseirbhís sin ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh eile sna hAchtanna sin—
- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011,
- (b) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005,
- (c) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007,
- (d) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2012,
- (e) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997,
- (f) an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998,
- (g) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001,
- (h) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, agus

(i) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

(3) San alt seo, tá le “comhlacht seirbhíse poiblí” an bhrí a shanntar dó in alt 5 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Duine den fhoireann a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Thithe an Oireachtais nó de Pharlaimint na hEorpa

18. (1) Más rud é, maidir le duine is comhalta d’fhoireann an Rialálaí nó a bheidh fostaithe ag an Rialálaí—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí, air sin do tharlú, ar iasacht óna fhostaíocht nó óna fostaíocht ag an Rialálaí agus ní íocfaidh an Rialálaí leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Rialálaí, luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar amhlaidh é nó í, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach nó den Pharlaimint sin.

(2) Aon duine atá i dteideal, de thuras na huair, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí i gceachtar Teach, nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí dícháilithe chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann an Rialálaí fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, léifear an fo-alt sin mar ní a thoirmisceann, i measc nithe eile, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a áireamh mar sheirbhís leis an Rialálaí chun críocha aon sochar aoisliúntais.

An fhoireann do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe

19. Maidir le feidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí, féadfaidh aon chomhalta d’fhoireann an Rialálaí nó aon oifigeach don Rialálaí a bheidh údaraithe chuige sin ag an Rialálaí é a dhéanamh, nó féadfar é a dhéanamh trí aon chomhalta nó oifigeach den sórt sin.

Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí

20. (1) Féadfaidh an Rialálaí, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sé nó sí is gá chun cuidiú leis nó léi a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhall.

(2) Is cuid de chaiteachais an Rialálaí aon táillí a bheidh dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir arna fhostú nó arna fhostú faoin alt seo.

Leasanna a nochtadh

- 21.** (1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag an Rialálaí, ag comhalta d'fhoireann an Rialálaí, nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile arna fhostú nó arna fostú ag an Rialálaí, ar leas é in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag an Rialálaí—
- (a) déanfaidh sé nó sí cineál a leasa a nochtadh don Rialálaí nó, i gcás gurb ar an Rialálaí a cheanglaítear an nochtadh a dhéanamh, déanfaidh sé nó sí é a nochtadh don Aire, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,
 - (b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní, agus
 - (c) ní ghlacfaidh sé nó sí páirt ar bith in aon bhreithniú ar an ní, murab ann do chúiseanna dosháraithe a cheanglaíonn air nó uirthi déanamh amhlaidh.
- (2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—
- (a) gur comhalta é nó í nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní, dá dtagraítear san *fho-alt* sin,
 - (b) go bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní den sórt sin, nó
 - (c) gur páirtí é nó í in aon socrú nó in aon chomhaontú (cibé acu is infhorfheidhmithe nó nach ea) maidir le talamh lena mbaineann ní den sórt sin.
- (3) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin go bhfuil leas aige nó aici nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)* atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn dó nó di breithniú nó plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní sin a chomhlíonadh.
- (4) I gcás go n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfaidh duine dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, is é nó is í an Rialálaí, nó i gcás an Rialálaí, is é nó is í an tAire, a chinnfidh an cheist.
- (5) I gcás go ndéanfar nochtadh don Rialálaí, déanfar sonraí an nochta a thairbhíodh i miontuairiscí aon chruinnithe lena mbaineann.
- (6) I gcás go mainneoidh duine, seachas an Rialálaí, dá dtagraítear san alt seo nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, tabharfaidh an Rialálaí breith maidir leis an ngníomh cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

- (7) I gcás go mainneoidh an Rialálaí nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, tabharfaidh an tAire breith maidir leis an ngníomh cuí (lena n-áirítear cur as oifig) a bheidh le déanamh.

Cuntais agus tuarascáil bhliantúil an Rialálaí

22. (1) Coimeádfaidh an Rialálaí, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire.
- (2) Déanfaidh an Rialálaí cuntais a choimeádfar de bhun na míre seo i leith gach bliana a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an bhliain ina dhiaidh sin ar dháta (nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais) lena n-íniúchadh agus, a luaithe is féidir tar éis an iniúchta, déanfaidh an Rialálaí cóip de na cuntais sin, nó de cibé sleachta as na cuntais sin a shonróidh an tAire, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Aire agus cuirfidh seisean nó sise faoi deara cóipeanna de na doiciméid a tíolacadh dó nó di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (3) Déanfaidh an Rialálaí, nuair a bheidh an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* á tíolacadh don Aire aige nó aici, tuarascáil a thíolacadh don Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna sa bhliain airgeadais roimhe sin agus cuirfidh an Rialálaí faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (4) Láithreoidh an Rialálaí os comhair an Choiste Oireachtais ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta nuair a iarrfaidh an Coiste sin air nó uirthi déanamh amhlaidh.

An tAire d'airleacan cistí don Rialálaí

23. (1) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan don Rialálaí as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun críocha caiteachas ag an Rialálaí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.
- (2) Ní dhéanfar na suimeanna a bheidh le hairleacan faoi *fho-alt (1)* a chaitheamh ach amháin chun críocha na bhfeidhmeanna a thugtar don Rialálaí leis an Acht seo agus chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú.
- (3) Íocfaidh an Rialálaí leis an Aire, ar gach suim a airleacfar don Rialálaí faoin Acht seo, ús ó dháta an tsuim sin a airleacan go dtí go mbeidh an tsuim sin aisíoctha de réir cibé ráta agus ar cibé modh a cheapfaidh an tAire tráth an airleacain agus de réir cibé ráta a chinnfear ó am go ham agus ní mó an ráta úis sin aon tráth ná an ráta a bheidh socraithe le hordú faoi alt 20 d'Acht na gCúirteanna, 1981.

Tobhach bliantúil

24. (1) D'fhonn caiteachais a íoc a thabhóidh an Rialálaí go cuí le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall, déanfar foráil le ceadúnas go n-íocfaidh an t-oibritheoir tobhach bliantúil leis an Rialálaí.
- (2) San alt seo, foláionn "caiteachais" tuarastail an Rialálaí agus comhaltaí foirne agus fostaithe eile de chuid an Rialálaí.

Ordachán don Rialálaí maidir leis an gcéad cheadúnas eile

25. (1) Féadfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 2 bhliain sula mbeidh ceadúnas le dul in éag, nó aon tráth i gcás ceadúnas a chúlghairm faoi *alt 36* nó sna himthosca a luaitear i *bhfo-alt (3)*, ordachán a eisiúint chuig an Rialálaí i ndáil leis an gcéad cheadúnas eile a bheidh le deonú ag an Rialálaí tar éis don cheadúnas láithreach dul in éag ina leagfar amach—
- (a) ré an chéad cheadúnais eile agus a théarmaí agus a choinníollacha (lena n-áirítear nithe is gá nó is fóirsteanach ar mhaithe le leas an phobail),
 - (b) na socruithe airgeadais maidir leis an gcéad cheadúnas eile a dhámhachtain, agus
 - (c) téarmaí an chomórtais chun an ceadúnas a dheonú.
- (2) Aon cheadúnas arna eisiúint ag an Rialálaí tar éis aon ordachán den sórt sin a fháil, beidh sé de réir an ordacháin.
- (3) San alt seo, folaíonn tagairt do cheadúnas, más rud é nach mbeidh an tAire, ag gníomhú dó nó di mar an Rialálaí faoi *alt 8*, tar éis ceadúnas a dheonú faoi *alt 26* sula gceaptar duine ina Rialálaí faoi *alt 7*, tagairt don cheadúnas arna dheonú faoi *alt 3* den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

CUID 4

CEADÚNAS CHUN AN CRANNCHUR NÁISIÚNTA A DHÉANAMH

Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh

26. (1) Seolfaidh an Rialálaí comórtas maidir le ceadúnas a dheonú do dhuine chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh de réir ordachán faoi *alt 25*.
- (2) Féadfaidh an Rialálaí dréacht de cheadúnas a tharraingt suas ar ceadúnas é a eiseofar mar chuid den chomórtas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*. Déanfar an dréacht a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú aige nó aici sula n-eiseofar é.
- (3) Féadfaidh an Rialálaí, tar éis comórtas a sheoladh de réir *fho-alt (1)*, ceadúnas a dheonú do dhuine á údarú an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh thar ceann an Aire.
- (4) Ní bheidh níos mó ná aon cheadúnas amháin arna dheonú faoin alt seo i bhfeidhm aon tráth áirithe.
- (5) Ní dheonóidh an Rialálaí ceadúnas do dhuine mura rud é gur cuideachta an duine agus gur deimhin leis an Rialálaí go bhfuil an duine oiriúnach agus inniúil chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh nó, de réir mar a bheidh, chun a chur faoi deara é a dhéanamh.
- (6) Is i scríbhinn a bheidh ceadúnas agus déarfann ann go n-údaráítear don sealbhóir ceadúnais an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh, nó a chur faoi deara é a dhéanamh, thar ceann an Aire.

- (7) Déanfaidh an sealbhóir ceadúnais an Crannchur Náisiúnta, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara é a dhéanamh, trí chuideachta is fochuideachta don sealbhóir ceadúnais agus a bheidh sonraithe sa cheadúnas de réir *alt 29(1)*.
- (8) Féadfaidh an Rialálaí, de réir ordachán faoi *alt 25*, cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach a chur ag gabháil le ceadúnas sula ndeonófar é.
- (9) Beidh sa cheadúnas cód cleachtais maidir le hoibriú an Chrannchuir Náisiúnta a bheidh le comhlíonadh ag an oibrítheoir.
- (10) Féadfar cód cleachtais chun críocha *fho-alt (9)* a dhéanamh trí chód cleachtais arna fhoilsiú ag duine eile (cibé acu laistigh den Stát nó in áit eile) a chur in oiriúint.
- (11) Cuideoidh agus comhoibreoidh an sealbhóir ceadúnais le sealbhóir aon cheadúnais dá éis sin chun na saoráidí a bhunú is gá chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.

Ceadúnas a leasú

27. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Rialálaí, aon tráth le linn ceadúnas a oibriú, tar éis dul i gcomhairle leis an sealbhóir ceadúnais nó ar scór iarratas i scríbhinn ón sealbhóir ceadúnais (a bhféadfaidh an Rialálaí glacadh leis fara leasuithe nó gan leasuithe), trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don sealbhóir ceadúnais, cibé téarmaí nó coinníollacha is cuí leis an Rialálaí a leasú, a chur isteach ann nó a scriosadh as.
- (2) Ní ceadmhach don Rialálaí ceadúnas a leasú maidir leis an méid seo a leanas—
- (a) fad a thréimhse oibríochta,
 - (b) forálacha a áirítear sa cheadúnas is forálacha lena rialaítear íocaíocht a dhéanamh i leith dea-chúiseanna,
 - (c) forálacha a áirítear sa cheadúnas is forálacha lena rialaítear an ráta coimisiúin is iníoctha le miondfoltóirí, ná
 - (d) aon liosta de chluichí toirmisce a áirítear sa cheadúnas.
- (3) Ní ceadmhach don Rialálaí téarmaí nó coinníollacha ceadúnais a leasú ach amháin le toiliú i scríbhinn ón sealbhóir ceadúnais i gcás go bhforálfar leis an gceadúnas nach bhféadfar an téarma atá i gceist a athrú ach amháin le toiliú an tsealbhóra ceadúnais.
- (4) Más rud é go mbeidh breithniú á dhéanamh ag an Rialálaí i dtaobh an ceadúnas a leasú tabharfaidh sé nó sí deis don sealbhóir ceadúnais uiríll a dhéanamh.
- (5) Féadfaidh an sealbhóir ceadúnais achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh leasú ar an gceadúnas, seachas leasú a mbeidh a thoiliú nó a toiliú tugtha i ndáil leis cheana féin ag an oibrítheoir faoin alt seo.

Ceadúnas a fhoilsiú

28. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh an Rialálaí mionsonraí ceadúnais nó cóid cleachtais arna dhéanamh faoi a fhoilsiú.

- (2) I gcás ceadúnas a leasú faoi *alt 27*, déanfaidh an Rialálaí, faoi réir *fho-alt (3)*, mionsonraí an leasaithe a fhoilsiú.
- (3) Ní fhoilseofar aon mhionsonraí ceadúnais, lena n-áirítear leasuithe air, a measfaidh an Rialálaí gur sonraí iad atá íogair ó thaobh na tráchtála de, mura rud é go measfaidh an Rialálaí go bhfuil iallach air nó uirthi déanamh amhlaidh mar gheall ar leas poiblí sáraitheach.
- (4) I gcás go measfaidh an Rialálaí gur cóir mionsonraí ceadúnais, a measfaidh sé nó sí gur sonraí iad atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail, tabharfaidh sé nó sí fógra don sealbhóir ceadúnais á rá go bhfuil beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh agus tabharfaidh sé nó sí deis don sealbhóir ceadúnais uirill a dhéanamh.
- (5) San alt seo, ciallaíonn “faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de”—
- (a) rúin trádála de chuid duine,
- (b) faisnéis airgeadais, tráchtála, eolaíochta nó theicniúil, nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh caillteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an duine sin i seoladh na gairme nó an ghnó atá aige nó aici nó thairis sin ina shlí bheatha nó ina slí bheatha, nó
- (c) faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do thoradh caibidlí conarthacha nó caibidlí eile ag an duine lena mbaineann an fhaisnéis.

CUID 5

OIBRITHEOIR AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

An t-oibritheoir

29. (1) Maidir leis an sealbhóir ceadúnais—

- (a) déanfar é nó í a fhoirmiú mar chuideachta, nó
- (b) más rud é (tráth a dhéanfar iarratas ar an gceadúnas) gur cuideachta nó cuideachta arna foirmiú i ndlínse eile an sealbhóir, déanfaidh sé nó sí cuideachta a fhoirmiú,

chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú de réir théarmaí agus choinníollacha an cheadúnais, agus chuige sin amháin, agus gairtear “an t-oibritheoir” den sealbhóir ceadúnais san Acht seo.

- (2) Is é aonchuspóir an oibritheora an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh faoin gceadúnas, agus na nithe eile sin go léir a dhéanamh a bheidh teagmhasach don chuspóir sin nó cuiditheach leis.
- (3) D’ainneoin *fho-alt (2)*, féadfar leas a bhaint as bonneagar crannchuir in imthosca ina rachaidh sé chun tairbhe don phobal nó inarb é leas an phobail é, ach ní

ceadmhach é sin a dhéanamh ach amháin le comhaontú idir an Rialálaí agus an t-oibritheoir tar éis don Aire togra a dhéanamh.

- (4) Ar dhul in éag don cheadúnas arna shealbhú ag an sealbhóir ceadúnais nó ar é a chúlghairm, nó ina oirchill sin, féadfaidh an Rialálaí ordachán i scríbhinn a eisiúint chuig an sealbhóir ceadúnais lena n-ordaítear go ndéanfar, le héifeacht ón dul in éag nó ón gcúlghairm sin, nó ó cibé dáta is déanaí ná sin a shonróidh an Rialálaí, an chuideachta, arna foirmiú ag an sealbhóir ceadúnais faoin alt seo chun an Crannchur Náisiúnta a dhéanamh, a fhoirceannadh.
- (5) Déanfar foráil le ceadúnas maidir le socruithe i leith scairshealbhóirí an oibritheora agus páirtithe bainteacha eile a bhfuil baint acu leis an gceadúnas.

Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist a fhoirceannadh

30. (1) Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist a fhoirceannadh ar dháta a shonrófar san ordú.
- (2) Tar éis don Aire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, déanfar an leas in aon mhaoín, réadach nó pearsanta, a shealbhaíonn Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist ar iontaobhas don Stát agus arbh é a bhí sa chomaoín i leith a fhála, go díreach nó go neamhdhíreach, go hiomlán nó go páirteach, aon chuid d'fháltais an Chrannchuir Náisiúnta, a aistriú chuig an Aire.
- (3) Féadfaidh an tAire, dá rogha féin, cead a thabhairt don oibritheoir an mhaoín dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a úsáid chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú agus aon mhaoín den sórt sin a shealbhú ar iontaobhas don Stát.
- (4) Déanfaidh an Rialálaí cuntais chríochnaitheacha Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist a tharraingt suas a luaithe is féidir tar éis í a fhoirceannadh i cibé foirm a cheadóidh an tAire i leith na tréimhse a shonróidh an tAire.

Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais

31. (1) Beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais an oibritheora i cibé foirm agus beidh iontu cibé ábhar, i gcomhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an Rialálaí.
- (2) D'ainneoin aon ní atá in Achtanna na gCuideachtaí, ní bheidh aon athrú ar mheabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais an oibritheora bailí ná éifeachtúil mura ndéanfar é le ceadú roimh ré i scríbhinn ón Rialálaí.

CUID 6

FORFHEIDHMIÚ

Imscrúdú ar ghnóthaí an oibritheora

32. (1) I gcás gur dóigh leis an Rialálaí go bhfuil imthosca ann a thugann le fios gur cuí aon sárú dealraitheach ar an Acht seo, nó ar théarmaí nó coinníollacha an cheadúnais a shealbhaíonn an oibritheoir, a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt air, féadfaidh sé nó sí duine (“imscrúdaitheoir”) a cheapadh chun an sárú dealraitheach a imscrúdú.

- (2) Comhoibreoidh an t-oibrítheoir agus a fhostaithe nó a fostaithe le haon imscrúdú faoi *fho-alt (1)* agus déanfaidh siad cibé faisnéis is dóigh leis an imscrúdaitheoir is gá chun críocha an imscrúdaithe a sholáthar don imscrúdaitheoir.
- (3) Chun críocha imscrúdaithe, féadfaidh imscrúdaitheoir dul isteach in áitreabh an oibrítheora agus féadfaidh sé nó sí fanacht san áitreabh agus rochtain a bheith aige nó aici ar aon taifid arna gcoimeád ag an oibrítheoir (cibé acu i bhfoirm inléite nó i bhfoirm eile) a gheobhaidh sé nó sí nó a thabharfar ar aird dó nó di a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh.
- (4) I gcás go dtiocfaidh an t-imscrúdaitheoir ar an tuairim go ndearnadh sárú ar an Acht seo nó ar théarmaí nó coinníollacha an cheadúnais nó gur mhainnigh an t-oibrítheoir déanamh de réir an imscrúdaithe, déanfaidh sé nó sí é sin a chur in iúl don oibrítheoir agus don Rialálaí. Féadfaidh an t-oibrítheoir, laistigh de 10 lá tar éis fógra i dtaobh thuairim an imscrúdaitheora a bheith tugtha dó nó di, uiríll a dhéanamh chuig an Rialálaí.
- (5) Aon duine a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, comhoibriú le himscrúdú faoin alt seo nó faisnéis a iarrfaidh an t-imscrúdaitheoir a sholáthar, nó a chuirfidh bac ar an imscrúdaitheoir i gcúrsa imscrúdaithe, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

Cumhachtaí an Rialálaí ordachán a eisiúint nó iarratas a dhéanamh ar urghaire

- 33.** (1) I gcás gur dóigh leis an Rialálaí, tar éis dó nó di aon uiríll faoi *alt 32* a bhreithniú, go ndearna an t-oibrítheoir sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú, féadfaidh sé nó sí, gan dochar d'aon ghníomh eile faoin Acht seo—
- (a) ordachán i scríbhinn a thabhairt don oibrítheoir ina sonrú an sárú nó an mhainneachtain agus lena gceanglófar ar an oibrítheoir beart nó bearta sonrath a dhéanamh nó scor de bheith á dhéanamh nó á ndéanamh chun go gcomhlíonfaidh an t-oibrítheoir an tAcht seo nó téarmaí nó coinníollacha an cheadúnais, nó chun go ndéanfaidh sé nó sí de réir an imscrúdaithe, agus déanfaidh an t-oibrítheoir de réir an ordacháin láithreach, nó
 - (b) iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena srianfar an t-oibrítheoir ón Acht seo nó téarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais a shárú nó á ordú dó nó di comhoibriú le himscrúdú, de réir mar a bheidh.
- (2) I gcás go mainneoidh an t-oibrítheoir ordachán faoi *fho-alt (1)(a)* a chomhlíonadh, féadfaidh an Rialálaí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú chun iallach a chur ar an oibrítheoir an t-ordachán a chomhlíonadh nó chun an t-oibrítheoir a shrianadh ón Acht seo nó téarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais a shárú.
 - (3) Féadfaidh an Rialálaí mionsonraí aon sárú ag an oibrítheoir ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais agus mionsonraí aon ordacháin a bheidh tugtha ag an Rialálaí faoin alt seo nó aon iarratas a bheidh déanta aige nó aici chun na gCúirteanna a fhoilsiú.

Fógra don oibritheoir i ndáil le smachtbhanna airgeadais

34. (1) I gcás gur dóigh leis an Rialálaí gur mhainnigh an t-oibritheoir ordachán faoi *alt 33* a chomhlíonadh, tabharfaidh an Rialálaí fógra don oibritheoir go bhfuil sé ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar chinneadh go ndearnadh sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mainníodh déanamh de réir imscrúdaithe, agus go bhforchuirfidh an chúirt smachtbhanna airgeadais, mura n-iarrfaidh an t-oibritheoir, laistigh de cibé tréimhse, nach giorra ná 14 lá, a cheadóidh an Rialálaí, gurb é nó í an Rialálaí a phléifidh leis an ní agus go gcuirfidh sé nó sí méid an smachtbhanna airgeadais (nach mó ná €250,000) atá beartaithe aige nó aici in iúl, más é nó í an Rialálaí a phléifidh leis an ní.
- (2) Féadfar, i bhfógra faoi *fho-alt (1)*, méid an smachtbhanna airgeadais (nach mó ná €500,000) a bhfuil sé ar intinn é a mholadh don Chúirt a chur in iúl, más í an Chúirt a phléifidh leis an ní faoi *alt 35*.
- (3) I gcás go mainneoidh an t-oibritheoir iarraidh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* laistigh den tréimhse dá dtagraítear san *fho-alt* sin nó go gcuirfidh sé nó sí in iúl don Rialálaí nach ndéanfar aon iarraidh den sórt sin, déanfaidh an Rialálaí iarratas chun na hArd-Chúirte ar chinneadh go ndearna an t-oibritheoir sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú.
- (4) I gcás go ndéanfaidh an t-oibritheoir iarraidh faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an Rialálaí deis don oibritheoir aighneachtaí a dhéanamh ag éisteacht os comhair an Rialálaí i leith an ní.
- (5) Déanfaidh an Rialálaí rialacha lena ndéanfar foráil maidir le héisteacht faoi *fho-alt (4)* a sheoladh. Féadfar foráil a bheith sna rialacha maidir le héisteacht ó bhéal nó maidir le héisteacht de chineál eile, de réir mar is cuí, agus maidir le fianaise a ghlacadh, cibé acu ó bhéal nó ar shlí eile, de réir mar is cuí, agus maidir leis na rialacha fianaise is infheidhme.
- (6) Ní ceadmhach don Rialálaí costais ná caiteachais a dhámhachtain d'aon pháirtí i ndáil le héisteacht faoi *fho-alt (4)*.

Smachtbhannaí airgeadais

35. (1) In aon iarratas arna dhéanamh chun na hArd-Chúirte faoi *alt 34*—

(a) féadfaidh an Ard-Chúirt—

(i) a chinneadh go ndearna an t-oibritheoir sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú,

(ii) más cuí léi é, ag féachaint d'aon mhéid a mholann an Rialálaí agus ag cur aon nithe iomchuí san áireamh, a ordú go n-íocfaidh an t-oibritheoir leis an Rialálaí smachtbhanna airgeadais nach mó ná €500,000, maidir leis an sárú nó leis an mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú atá i gceist, agus

(iii) cibé ordú is cuí léi a dhéanamh,

nó

(b) féadfaidh sí an t-iarratas a dhíbhe,

agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh i dtaobh costais maidir leis an iarratas.

- (2) I gcás go mbeidh iarraidh i scríbhinn déanta ag an oibritheoir chuig an Rialálaí faoi *alt 34*, féadfaidh an Rialálaí a chinneadh go ndearna nó nach ndearna an t-oibritheoir sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mhainnigh nó nár mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú agus féadfaidh an Rialálaí ráiteas ar fhionnachtana a eisiúint chuig an oibritheoir.
- (3) I gcás go gcinnfidh an Rialálaí faoi *fho-alt (2)* go ndearna an t-oibritheoir sárú ar an Acht seo nó ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú le himscrúdú, féadfaidh an Rialálaí a ordú, agus é nó í ag cur aon nithe is dóigh leis nó léi is iomchuí san áireamh agus ag féachaint dóibh, go n-íocfaidh an t-oibritheoir leis an Rialálaí smachtbhanna airgeadais nach mó ná an méid a mholtar i bhfógra arna thabhairt don oibritheoir de réir *alt 34*, maidir leis an sárú nó leis an mainneachtain comhoibriú le himscrúdú.
- (4) Féadfaidh an Rialálaí cibé mionsonraí is cuí leis nó léi a bhaineann le breith ón gCúirt faoi *fho-alt (1)* nó cibé ráiteas ar fhionnachtana arna dhéanamh aige nó aici faoi *fho-alt (2)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil nó arna úsáid ag an Rialálaí.
- (5) Féadfaidh an t-oibritheoir achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh ráiteas ar fhionnachtana arna eisiúint i leith an oibritheora faoi *fho-alt (2)* nó smachtbhanna airgeadais arna fhorchur i gcoinne an oibritheora faoi *fho-alt (3)*, nó ina n-aghaidh araon.
- (6) Féadfar suim atá dlite faoin alt seo a ghnóthú in aon chúirt dlínse inniúla mar fhiach conartha shimplí.
- (7) Déanfar na híocaíochtaí go léir a dhéanfar leis an Rialálaí faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ceadúnas a chúlghairm

36. (1) Féadfaidh an Rialálaí, trí fhógra i scríbhinn chuig an sealbhóir ceadúnais, a chur in iúl don sealbhóir go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an ceadúnas a chúlghairm, agus cúiseanna leis an gcúlghairm bheartaithe a thabhairt, más rud é—
- (a) go measann an Rialálaí go ndéanann beart nó bearta de chuid an tsealbhóra ceadúnais damáiste ábhartha don Chrannchur Náisiúnta nó don Stát nó do cháil an Chrannchuir Náisiúnta nó do cháil an Stáit,
- (b) i dtuairim an Rialálaí, go ndearnadh sárú ar théarma nó coinníoll de chuid an cheadúnais nó ar fhoráil de chuid an Achta seo,
- (c) gur mhainnigh an sealbhóir ceadúnais ordachán ón Rialálaí faoi *alt 33* a chomhlíonadh,

- (d) go raibh aon fhaisnéis a thug an sealbhóir ceadúnais san iarratas ar an gceadúnas, nó i dtaca leis, nó de bhun téarma de chuid an cheadúnais, bréagach i bponc ábhartha,
- (e) nach bhfuil an sealbhóir ceadúnais ag déanamh beart, nó ag beartú bearta a dhéanamh, is gá nó is inmhianaithe chun cosc a chur ar chialaois a dhéanamh maidir leis an gCrannchur Náisiúnta, nó
- (f) maidir le haon duine atá ag bainistiú an ghnó, nó aon chuid den ghnó, arb éard é an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil faoin gceadúnas, nach duine oiriúnach é nó í chun déanamh amhlaidh, ag féachaint d'aon treoirlínte faoi *fho-alt (6)*;

agus tréimhse réasúnach a thabhairt don sealbhóir ceadúnais, is tréimhse nach lú ná 21 lá, chun uiríll a dhéanamh chuig an Rialálaí.

- (2) Tar éis cibé tréimhse a thabhairt don sealbhóir ceadúnais is réasúnach chun uiríll a dhéanamh maidir leis an gcúlghairm bheartaithe tar éis fógra faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Rialálaí breith a thabhairt an ceadúnas a chúlghairm.
- (3) I gcás go dtabharfaidh an Rialálaí breith an ceadúnas a chúlghairm, féadfaidh an sealbhóir ceadúnais achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh na breithe laistigh de 21 lá ó dháta na breithe nó de cibé tréimhse breise a cheadódh an Rialálaí.
- (4) I gcás go dtabharfaidh an Rialálaí breith an ceadúnas a chúlghairm—
 - (a) beidh éifeacht leis an mbreith, i gcás nach mbeidh aon achomharc déanta laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ar dhul in éag don tréimhse sin, agus
 - (b) i gcás achomharc in aghaidh na breithe a bheith déanta le linn na tréimhse sin, beidh an bhreith arna fionraí go dtí go ndéanfar an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar.
- (5) In imthosca ina measfaidh an Rialálaí go bhfuil baol láithreach tromáí ann do shócmhainneacht an Chrannchuir Náisiúnta, féadfaidh an Rialálaí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gceadófar don Rialálaí an ceadúnas Crannchuir Náisiúnta arna shealbhú ag an oibritheoir a chúlghairm nó a fhionraí láithreach.
- (6) Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint chuig an Rialálaí i ndáil le hoiriúnacht duine chun an gnó, nó cuid den ghnó, arb éard é an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil, a bhainistiú.

Toirmeasc ar aistriú nó coimhthiú ceadúnais

- 37. (1) Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais an ceadúnas a aistriú ná a chearta nó a cearta nó a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin gceadúnas a choimhthiú, ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon leas ann a aistriú nó a choimhthiú chuig tríú páirtí gan toiliú roimh ré i scríbhinn ón Rialálaí.
- (2) Ní ceadmhach do shealbhóir ceadúnais an ceadúnas a úsáid mar fhoirm urrúis gan toiliú roimh ré i scríbhinn ón Rialálaí agus ní bheidh aon éileamh ag aon pháirtí eile ar an gceadúnas.

- (3) Aon ionstraim a fhorghníomhófar de shárú ar an alt seo, beidh sí ar neamhní agus ní bheidh aon éifeacht léi.

Grinnscrúdú neamhspleách ar an gCrannchur Náisiúnta arna dhéanamh ag an oibritheoir

38. (1) Féadfaidh an Rialálaí ó am go ham duine amháin nó breis is duine amháin a cheapadh a mbeidh d'fheidhmeanna aige nó aici nó acu stiúradh an oibritheora i gcoitinne a scrúdú agus tuairisc a thabhairt air sin don Rialálaí, agus chun na gcríoch sin, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, imscrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- (a) eagrú, bainistiú agus nósanna imeachta an oibritheora;
 - (b) an córas chun ticéid bhuaiteacha a roghnú agus na modhanna a úsáidtear chun calaois nó cúbláil sa chóras sin a chosc agus chun a áirithiú go bhfuil sé cothrom, cruinn, éifeachtúil agus iontaofa;
 - (c) an modh ar a roghnaítear, ar a n-eagraítear agus ar a maoirsítear foireann an oibritheora a bhíonn ag gabháil—
 - (i) do láimhseáil nó do phróiseáil ticéad Crannchuir Náisiúnta nó uimhreacha do thicéid Chrannchuir Náisiúnta agus do roghnú ticéad Crannchuir Náisiúnta chun bheith ina dticéid bhuaiteacha, agus
 - (ii) do ríomhairí nó d'fheistí leictreonacha eile nó d'fheistí d'aon chineál, a úsáidtear chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta, a shuiteáil, a oibriú, a chothabháil, a dheisiú nó a mhaoirsiú;
 - (d) suiteáil, oibriú, cothabháil, deisiú agus maoirsiú ríomhairí nó feistí leictreonacha eile, nó feistí d'aon chineál, a úsáidtear chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta;
 - (e) cáilíocht agus oiriúnacht saoráidí teileachumarsáide a úsáidtear chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta agus arna n-úsáid ag an oibritheoir;
 - (f) oibriú an Achta seo i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta agus i dtaobh an bhfuil forálacha an Achta seo á gcomhlíonadh i ndáil leis.
- (2) Tabharfaidh duine a bheidh ceaptha faoin alt seo tuairisc don Rialálaí—
- (a) i gceann cibé eatraimh is dóigh leis nó léi is gá i ndáil leis na nithe a shonraítear i bhfo-alt (1), agus
 - (b) ó am go ham i ndáil le haon nithe eile maidir leis an gCrannchur Náisiúnta is dóigh leis nó léi is cóir a thuairisciú amhlaidh nó a bheidh sonraithe ag an Rialálaí.
- (3) Chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh duine a bheidh ceaptha faoin alt seo dul isteach gach tráth réasúnach in áitreabh an oibritheora agus fanacht ann agus beidh rochtain aige nó aici, agus féadfaidh sé nó sí iniúchadh a dhéanamh, ar aon ticéid Chrannchuir Náisiúnta nó ar aon taifid a choimeádann an t-oibritheoir (cibé acu i bhfoirm inléite nó i bhfoirm eile) agus a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta agus féadfaidh sé nó sí cóipeanna a dhéanamh de na taifid nó de shleachta astu.

- (4) Tabharfaidh gach stiúrthóir agus gach fostaí de chuid an oibritheora a bhfuil baint aige nó aici leis an gCrannchur Náisiúnta don Rialálaí nó do dhuine a bheidh ceaptha aige nó aici faoin alt seo cibé faisnéis a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta agus a iarrfaidh an Rialálaí nó an duine a bheidh ceaptha.
- (5) Féadfaidh duine a bheidh ceaptha faoin alt seo, más cuí leis nó léi é, moltaí a dhéanamh don Rialálaí i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta nó lena stiúradh.
- (6) Aon duine—
- (a) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarraidh arna déanamh go cuí faoi *fho-alt (4)* i ndáil le faisnéis a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh, nó
- (b) a chuirfidh bac nó treampán ar dhuine a bheidh ceaptha faoi *fho-alt (1)* le linn don duine a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh,
- déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

Cumhachtaí speisialta an Rialálaí i ndáil leis an oibritheoir

39. (1) Tar éis ceadúnas a chúlghairm, féadfaidh an Rialálaí, más cuí leis nó léi, duine (“bainisteoir”) a cheapadh chun dul i mbun bhainistiú an oibritheora agus chun an t-oibritheoir a stiúradh mar ghnóthas reatha.
- (2) Beidh ag bainisteoir, i ndáil leis an oibritheoir, na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach maidir lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna i ndáil leis an oibritheoir nó a ghabhann leis na feidhmeanna sin, lena n-áirítear oifigigh agus fostaithe uile an oibritheora a bheith faoina údarás nó faoina húdarás agus faoina stiúradh féin amháin.
- (3) Féadfaidh bainisteoir a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh le cabhair ó dhaoine a bheidh ceaptha nó fostaithe aige nó aici chuige sin.
- (4) Na feidhmeanna go léir a bheidh dílsithe do stiúrthóirí an oibritheora nó d'aon choiste bainistíochta de chuid an oibritheora (cibé acu de bhua mheabhrán nó airteagail chomhlachais an oibritheora nó le dlí nó ar shlí eile) is ag an mbainisteoir agus aige nó aici amháin a bheidh siad inchomhlíonta agus na cumhachtaí sin go léir de chuid an oibritheora is infheidhmithe ag cruinniú ginearálta de chomhaltaí an oibritheora, nó le ceadú uaidh, is ag an mbainisteoir amháin a bheidh siad infheidhmithe.
- (5) Beidh bainisteoir i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) agus ar feadh cibé téarma a chinnfidh an Rialálaí ó am go ham agus féadfaidh an Rialálaí aon tráth ceapachán bainisteora a fhoirceannadh i scríbhinn.
- (6) Beidh ag bainisteoir na cumhachtaí go léir a bheadh aige nó aici, agus beidh feidhm maidir leis nó léi ag na forálacha reachtúla go léir a mbeadh feidhm acu amhlaidh, dá mba leachtaitheoir é nó í arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Ard-Chúirt i leith an oibritheora agus beidh na cumhachtaí sin infheidhmithe aige nó aici gan

rialú ná ceadú na hArd-Chúirte mar a shonraítear in Achtanna na gCuideachtaí, i ndáil le leachtaitheoir den sórt sin.

- (7) Beidh feidhm ag Achtanna na gCuideachtaí agus ag aon ionstraimí arna ndéanamh faoin gcéanna, agus éifeacht leo agus, go háirithe, beidh feidhm ag na forálacha de na hAchtanna agus na hionstraimí sin a bhaineann le leachtú cuideachtaí, agus éifeacht leo, i ndáil leis na cumhachtaí sin a dúradh, fara aon mhodhnuithe a bheidh sonraithe in ordú faoi *fho-alt* (8) agus aon mhodhnuithe eile is gá.
- (8) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (7), féadfaidh an tAire, d'fhonn lánéifeacht a thabhairt d'fheidhmiú, leis an bhfomhír sin, Achtanna na gCuideachtaí agus aon ionstraimí fúthu, ar mholadh ón Rialálaí, modhnú a dhéanamh le hordú ar fhorálacha na nAchtanna sin nó aon ionstraimí arna ndéanamh fúthu, nó ar aon rialacha cúirte a bhaineann leo sin maidir lena bhfeidhmiú faoi réim agus chun críocha an ailt seo, más dóigh leis nó léi gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh d'fhonn comhlíonadh feidhmeanna bainisteora a éascú.

CUID 7

OIBRIÚ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA AGUS ÚSÁID CISTÍ

Duaiseanna sa Chrannchur Náisiúnta

40. (1) Faoi réir *fho-alt* (2), is é nó is í an t-oibritheoir a chinnfidh líon, foirm (cibé acu suimeanna airgid nó eile) agus luach na nduaiseanna a bheidh le dáileadh sa Chrannchur Náisiúnta.
- (2) Is é a bheidh i luach iomlán na nduaiseanna a dháilfear sa Chrannchur Náisiúnta in aon bhliain airgeadais de chuid an oibritheora méid is comhionann le, nó nach lú ná, 50 faoin gcéad den airgead go léir a fuair an t-oibritheoir an bhliain sin i leith ticéid Chrannchuir Náisiúnta a díoladh an bhliain sin nó cibé céatadán eile is mó ná sin a bheidh sonraithe sa cheadúnas.

Cistí a eisíoc

41. (1) Déanfar airgead a íocfar isteach sa Phríomh-Chiste de bhun *alt 44* a chur chun feidhme chun críocha cibé ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas, agus i cibé méideanna, a chinnfidh an Rialtas ó am go ham:
- (a) spórt agus caitheamh aimsire;
 - (b) an cultúr agus an oidhreacht náisiúnta (lena n-áirítear an Ghaeilge);
 - (c) na healaíona (de réir bhrí an Achta Ealaíon, 2003);
 - (d) sláinte an phobail;
 - (e) an óige, leas agus taitneamhachtaí;
 - (f) an comhshaol nádúrtha;
 - (g) cibé críocha eile (más ann) a chinnfidh an Rialtas ó am go ham.

- (2) Aon uair a chinnfear críoch faoi *mhír (g) d'fho-alt (1)*, cuirfidh an tAire faoi deara fógra faoin gcríoch a fhoilsíú san Iris Oifigiúil.
- (3) Déanfar méideanna a bheidh ag teastáil chun críche a chinnfear faoin alt seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol

42. (1) (a) Féadfar foráil a dhéanamh le ceadúnas maidir leis an oibritheoir d'údarú do dhaoine ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol agus maidir le luach saothair na ndaoine sin.
- (b) Déanfar an líon íosta daoine a bhféadfar a údarú dóibh faoin bhfo-alt seo ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol a leagan amach i gceadúnas.
- (2) Aon údarú chun críocha an ailt seo, is i scríbhinn a bheidh sé agus beidh sé faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhainfidh leis an oibritheoir d'íoc luach saothair le daoine i leith na ndaoine sin do dhíol ticéid Chrannchuir Náisiúnta agus leis an tráth a n-íocfar an luach saothair sin, an fhoirm ina n-íocfar agus an modh ar a n-íocfar é) a chinnfidh an t-oibritheoir le toiliú an Rialálaí agus a bheidh sonraithe san údarú.
 - (3) Féadfaidh an Rialálaí, i gcás nach ndéantar foráil le ceadúnas maidir leis an údarú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, nó i gcás go ndéantar an t-údarú sin a tharraingt siar, a údarú do cibé daoine a chinnfidh sé nó sí ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol.
 - (4) Ní dhéanfaidh duine (seachas an t-oibritheoir) ticéad Crannchuir Náisiúnta a dhíol, a thairiscint ná a thaispeáint lena dhíol ná tairiscint ceannaigh a lorg ina leith ná ní bheidh ticéad Crannchuir Náisiúnta ina sheilbh aige nó ina seilbh aici lena dhíol mura sealbhóir é nó í ar údarú faoin alt seo lena dtugtar teideal dó nó di déanamh amhlaidh.
 - (5) Féadfaidh an t-oibritheoir ticéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol ar bhealaí idirghníomhacha.
 - (6) Ní dhéanfaidh duine, lena n-áirítear an t-oibritheoir, ticéad Crannchuir Náisiúnta a dhíol ná a thairiscint lena dhíol ar aon mhodh le duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois ná ní lorgóidh sé nó sí tairiscint ó dhuine den sórt sin chun ticéad Crannchuir Náisiúnta a cheannach.
 - (7) Is é nó is í an t-oibritheoir a chinnfidh foirm agus praghas ticéid Crannchuir Náisiúnta.
 - (8) Faoi réir aon téarmaí nó coinníollacha de chuid an cheadúnais i ndáil le gníomhaíochtaí nó tairiscintí cur chun cinn, ní dhéanfaidh an t-oibritheoir ticéid Chrannchuir Náisiúnta a thabhairt d'aon duine, a dháileadh ar aon duine ná a dhíol le haon duine (seachas sealbhóirí ar údaruithe faoin alt seo)—
 - (a) saor in aisce, seachas mar dhuaiseanna i gcluiche Crannchuir Náisiúnta, ná
 - (b) ar phraghas is lú ná an praghas ar a ndíoltar leis an bpobal i gcoitinne iad.
 - (9) Aon duine a sháróidh *fo-alt (4)*, *(6)* nó *(8)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

- (10) In ionchúiseamh i leith cion faoi *fho-alt (9)* mar gheall ar shárú ar *fho-alt (6)*, is cosaint é don chúisí a shuíomh go ndearna sé nó sí gach beart réasúnach chun aois an duine a cheannaigh an ticéad a fhíorú.
- (11) Beidh feidhm ag an gcosaint dá ndéantar foráil i *bhfo-alt (10)* maidir le duine, lena n-áirítear Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist, a dhíolann ticéad (lena n-áirítear ar bhealaí idirghníomhacha) le linn don cheadúnas arna dheonú don chuideachta sin faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 a bheith i bhfeidhm.

Toirmeasc ar thicéad crannchuir a bheith ar úinéireacht ag daoine áirithe

- 43.** (1) Ní bheidh aon duine de na daoine seo a leanas i dteideal ticéad Crannchuir Náisiúnta a bheidh ceannaithe ar luach nó bronnta mar dhuais sa Chrannchur Náisiúnta, ná aon chuid de thicéad den sórt sin, a bheith ar úinéireacht aige nó aici:
- (a) an t-oibritheoir nó stiúrthóir, nó gníomhaire de chuid an oibritheora (ach gan gníomhaire díolachán miondióla a áireamh), nó fostaí de chuid an oibritheora;
 - (b) duine a mhonaraíonn ticéid Chrannchuir Náisiúnta nó aon fhostaí dá chuid nó dá cuid nó, más cuideachta an duine sin, stiúrthóir de chuid na cuideachta;
 - (c) duine a oibríonn, a rialaíonn nó a ríomhchláraíonn córas lárnach cearrbhachais an Chrannchuir Náisiúnta nó aon fhostaí de chuid an duine nó, más cuideachta an duine sin, stiúrthóir de chuid na cuideachta.
- (2) Má thagann duine a shonraítear i *bhfo-alt (1)* chun bheith ina úinéir nó ina húnéir ar thicéad Crannchuir Náisiúnta iomlán nó ar chuid de—
- (a) déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €200,000 a chur air nó uirthi,
 - (b) ní iontrálfar an ticéad Crannchuir Náisiúnta sa Chrannchur Náisiúnta agus, má iontráiltear amhlaidh é, ní bheidh úinéir nó úinéirí an ticéid sin i dteideal go mbronntaí aon duais sa Chrannchur Náisiúnta air nó uirthi nó orthu i leith an ticéid, agus
 - (c) má bhronntar duais sa Chrannchur Náisiúnta ar úinéir nó úinéirí an ticéid, cuirfeair an duais ar ais chuig an oibritheoir tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis í a fháil agus, mura gcuirfeair ar ais amhlaidh í, féadfaidh an t-oibritheoir an duais, nó méid is ionann agus a luach, a ghnóthú ó úinéir an ticéid, nó ó úinéirí an ticéid i gcomhpháirt agus go leithleach, mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.
- (3) Is cosaint é do dhuine a bheidh cúisithe i gcion faoin alt seo a shuíomh gur cheannaigh duine éigin eile an ticéad Crannchuir Náisiúnta áirithe dó nó di gan fhios dó nó di nó gan toiliú uaidh nó uaithi agus (i gcás duine seachas an t-oibritheoir) go ndearna sé nó sí, a luaithe ab fhéidir leis nó léi le réasún tar éis dó nó di a fháil amach gur ceannaíodh an ticéad, a chur in iúl don oibritheoir gur ceannaíodh an ticéad agus nach raibh sé nó sí i dteideal a bheith ina úinéir nó ina húnéir air.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

44. (1) Leanann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (“an Ciste”) a bunaíodh faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 ar marthain agus is cuntas aonair a bheidh ann.
- (2) Is é nó is í an Rialálaí a dhéanfaidh an Ciste a bhainistiú agus a rialú.
- (3) (a) Déanfar na fáltais ó dhíol ticéad Crannchuir Náisiúnta a íoc isteach sa Chiste, tar éis aon luach saothair a íocadh le díoltóirí ticéad Crannchuir Náisiúnta agus cibé méideanna, más ann, i leith duaiseanna sa Chrannchur Náisiúnta a údaróidh an Rialálaí, a bhaint as na fáltais sin.
- (b) Is as an gCiste a íocfar méideanna i leith duaiseanna do thicéid bhuaiteacha (seachas méideanna dá dtagraítear i *mír (a)*).
- (c) Déanfaidh an Rialálaí íocaíochtaí arna leithroinnt chun na gcríoch a leagtar amach in *alt 41* a íoc as an gCiste leis an bPríomh-Chiste i gceann eatrainmh a chinnfidh an tAire, faoi réir aon fhoráil sa cheadúnas.
- (d) Déanfaidh an Rialálaí íocaíochtaí arna leithroinnt chun críocha *alt 24* a choinneáil de réir théarmaí an cheadúnais.
- (e) Leagfar amach sa cheadúnas leithroinnt an airgid a bheidh fágtha sa Chiste tar éis íocaíochtaí dá bhforáiltear faoi *mhíreanna (b), (c)* agus *(d)* a dhéanamh.
- (4) Déanfar cuntais an Chiste a chur gach bliain faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh agus cuirfidh an Rialálaí faoi deara cóip d’achóimre ar na cuntais, arna n-íniúchadh amhlaidh, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir sa Chrannchur Náisiúnta

45. (1) (a) Déanfaidh an t-oibritheoir, i ndáil le gach cluiche crannchuir nó catagóir cluiche sa Chrannchur Náisiúnta, roimh an gcluiche nó roimh an gcatagóir cluiche a sheoladh, scéim ina leagtar amach rialacha an chluiche nó na catagóire cluiche a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí.
- (b) Féadfaidh an t-oibritheoir aon tráth scéim lena leasaítear scéim faoin bhfo-alt seo, lena n-áirítear scéim faoin mír seo, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí.
- (c) Féadfaidh an Rialálaí scéim a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoin alt seo a cheadú.
- (d) Déanfaidh an t-oibritheoir cluiche crannchuir sa Chrannchur Náisiúnta de réir na rialacha a bheidh i scéim faoin bhfo-alt seo a bheidh ceadaithe ag an Rialálaí agus a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an gcluiche sin nó leis an gcatagóir cluiche sin.
- (e) Is é nó is í an Rialálaí a chinnfidh an ní is catagóir cluiche ann chun críche an ailt seo.

- (2) Féadfar, gan dochar do ghinearáltacht *fo-alt (1)*, foráil a dhéanamh i rialacha cluiche crannchuir maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) duaiseanna a thabhairt sa Chrannchur Náisiúnta i gcásanna gur ag daoine faoi bhun 18 mbliana d' aois atá na ticéid bhuaiteacha;
 - (b) duaiseanna a thabhairt sa Chrannchur Náisiúnta i gcásanna gur ag daoine atá faoi aon mhíchumas dlíthiúil nó faoi éagumas meabhrach atá na ticéid bhuaiteacha;
 - (c) na hadmhálacha a bheidh ina n-urscaoileadh cuí i leith duaiseanna a tugadh do dhaoine sa Chrannchur Náisiúnta;
 - (d) socrú díospóidí.
- (3) Féadfaidh an Rialálaí a ordú don oibritheoir clár de na cluichí crannchuir go léir atá ar tairiscint i láthair na huair a choimeád ar shuíomh gréasáin an oibritheora lena bhreathnú ag an bpobal agus comhlíonfaidh an t-oibritheoir ordachán den sórt sin láithreach.
- (4) Le linn scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir a bhreithniú, beidh aird ag an Rialálaí ar chosaint imreoirí, ar cháil an Chrannchuir Náisiúnta agus ar chomhlíonadh na gcaighdeán a bhfuil glactha leo agus lena rialaítear fógraíocht laistigh den Stát.

Forálacha a bhaineann leis na hainmneacha “Crannchur Náisiúnta” agus “Crannchur Náisiúnta na hÉireann”

46. (1) Ní dhéanfaidh duine seachas an tAire, an Rialálaí, an t-oibritheoir nó ceadúnaí nó duine a bheidh údaraithe ag aon cheann acu déanamh amhlaidh, chun críocha cluiche crannchuir seachas an Crannchur Náisiúnta, úsáid a bhaint as na hainmneacha “Crannchur Náisiúnta na hÉireann” ná “Crannchur Náisiúnta” ná as a macasamhla sa Bhéarla ná as aon ainm eile atá chomh cosúil sin le ceachtar de na hainmneacha sin nó le ceachtar dá macasamhla sa Bhéarla go bhféadfaí le réasún a chreidiúint go dtagraítear do cheachtar de na hainmneacha sin nó do cheachtar de na macasamhla sin.
- (2) Is don Aire a dhílsítear an cáilmheas a ghabhann leis na hainmneacha “Crannchur Náisiúnta na hÉireann” agus “Crannchur Náisiúnta” agus a macasamhla sa Bhéarla agus le hainm aon chluiche crannchuir a dhéanfaidh an Rialálaí nó a dhéanfar faoi cheadúnas.
- (3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí cion, agus dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 a chur air nó uirthi.

CUID 8

AN TOIBRITHEOIR DO THABHAIRT TUARASCÁLACHA AGUS FAISNÉISE

An t-oibritheoir do thabhairt tuarascáil bhliantúil agus faisnéise don Rialálaí

47. (1) Coimeádfaidh an t-oibritheoir, de réir rialacha agus treoirlínte cuntasafóichta caighdeánacha, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí, lena n-áirítear cuntas sochair agus dochair agus clár comhardaithe agus, go háirithe, coimeádfaidh sé nó sí na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an Rialálaí ó am go ham.
- (2) Déanfaidh an t-oibritheoir cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur gach bliain chuig iniúchóir lena n-iniúchadh agus déanfar cóip den chuntas sochair agus dochair agus den chlár comhardaithe agus de cibé cuntais eile (más ann) dá chuid nó dá cuid a ordóidh an Rialálaí, agus cóip de thuarascáil an iniúcháir ar na cuntais, a thíolacadh don Rialálaí tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de chuid an oibritheora lena mbaineann siad, agus cuirfidh an Rialálaí faoi deara cóipeanna de gach ceann de na doiciméid a dúradh, agus de thuarascáil na stiúrthóirí chuig scairshealbhóirí an oibritheora don bhliain airgeadais lena mbaineann de chuid an oibritheora, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (3) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an oibritheora, ach tráth nach déanaí ná 4 mhí dá éis sin, tabharfaidh an t-oibritheoir tuarascáil don Rialálaí ar a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana sin agus cuirfidh an Rialálaí faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (4) Déanfaidh an t-oibritheoir, má cheanglaíonn an Rialálaí air nó uirthi é, cibé faisnéis a thabhairt don Rialálaí a iarrfaidh sé nó sí ó am go ham maidir le haon chuntas arna ullmhú aige nó aici nó aon tuarascáil a shonraítear i *bhfo-alt (2)* nó i ndáil lena bheartas nó lena beartas agus lena oibríochtaí nó lena hoibríochtaí, seachas gníomhaíochtaí ó lá go lá.
- (5) Láithreoidh ionadaithe de chuid an oibritheora os comhair an Choiste Oireachtais ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta nuair a iarrfaidh an Coiste sin orthu déanamh amhlaidh.

An t-oibritheoir do thabhairt faisnéise don Rialálaí

48. Déanfaidh an sealbhóir ceadúnais agus an t-oibritheoir cibé faisnéis a sholáthar don Rialálaí a theastóidh ón Rialálaí ag tráthanna a shonróidh an Rialálaí.

Faisnéis a chomhroinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí

49. (1) Nochtfaidh an t-oibritheoir faisnéis shonrach i ndáil le duaiseoirí d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun críocha riaradh an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 ag an Oifig sin.
- (2) Déanfar nochtadh den sórt sin mar fhreagra ar iarraidh shonrach i scríbhinn ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina lorgófar faisnéis i ndáil le duine ainmnithe chun a fháil amach an bhfuil ceanglais an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 á gcomhlíonadh ag an duine sin.

- (3) Nochtfaidh an t-oibrítheoir faisnéis shonrach i ndáil le duaiseoirí don Roinn Coimirce Sóisialaí chun críche rialú scéimeanna arna riaradh ag an Aire Coimirce Sóisialaí nó thar a cheann nó thar a ceann. Déanfar nochtadh den sórt sin mar fhreagra ar iarraidh shonrach i scríbhinn ón Aire Coimirce Sóisialaí nó thar a cheann nó thar a ceann ina lorgófar faisnéis i ndáil le duine ainmnithe d'fhonn a fháil amach an bhfuil an duine sin incháilithe faoi Scéim nó Scéimeanna Leasa Shóisialaigh áirithe.
- (4) I gcás go bhfionnfar go bhfuil faisnéis arna comhroinnt idir an t-oibrítheoir agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Coimirce Sóisialaí, míchruinn, déanfaidh an eagraíocht lena mbaineann, ar é sin a fhionnadh, an fhaisnéis leasaithe a chur in iúl don eagraíocht shonraithe eile.

CUID 9

CRANNCHUIR — NA hACHTANNA UM CHEARRBHACHAS AGUS CRANNCHUIR, 1956 GO 2013

An Crannchur Náisiúnta a bheith díolmhaithe ó na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2013

50. Níl feidhm ag na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2013, maidir leis an gCrannchur Náisiúnta.

Leasú ar alt 27 agus ar alt 28 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956, etc.

51. (1) Leasaítear an tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956—

(a) i ndiaidh alt 22, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“22A. Ní bheidh feidhm ag alt 22 maidir le crannchur arna dhéanamh faoi alt 27 nó 28.”,

(b) in alt 27(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) ní mó luach iomlán na nduaiseanna ná €5,000 nó cibé méid eile, a bheidh arna shonrú, de thuras na huairé, in ionad an mhéid sin i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.”,

(c) in alt 27, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an dara habairt d'fho-alt (4):

“Más rud é go mbeidh níos mó ná crannchur amháin ann in aon seachtain, ní mó luach iomlán na nduaiseanna don tseachtain ná €5,000 nó cibé méid eile a bheidh arna shonrú, de thuras na huairé, in ionad an mhéid sin i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.”,

(d) in alt 28(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) maidir le luach iomlán na nduaiseanna—

(i) ní mó é aon tráth ná €30,000 nó cibé méid eile a bheidh arna shonrú, de thuras na huairé, in ionad an mhéid sin, agus

- (ii) más rud é go mbeidh níos mó ná crannchur amháin ann in aon seachtain, ní mó luach iomlán na nduaiseanna don tseachtain ná €30,000 nó cibé méid eile a bheidh arna shonrú, de thuras na huaire, in ionad an mhéid sin,

i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire,”.

agus

- (e) i ndiaidh alt 28, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“Nithe a bheidh le cur san áireamh nuair a bheidh rialacháin á ndéanamh faoi alt 27 nó 28

28A. Sula ndéanfaidh an tAire aon rialacháin faoi alt 27 nó 28, déanfaidh sé nó sí, a mhéid is féidir déanamh amhlaidh, na hiarmhairtí a bheidh ag aon athrú beartaithe ar mhéid luach iomlán na nduaiseanna ar na nithe seo a leanas a mheas agus a chur i gcuntas—

- (a) crannchuir a dhéantar faoin Acht seo,
(b) aon chrannchur eile a dhéantar de réir dlí, agus
(c) an tabhairt charthanúil nó dhaonchairdiúil sa tsochaí trí chéile.”.

- (2) Gach rialachán arna dhéanamh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi alt 27 agus 28(2)(c) (arna leasú leis an alt seo) den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar d’aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.